

**GAELSCOIL EOGHAIN UÍ THUAIRISC**  
**POLAISE IONTRÁLA DO RANGANNA SEACHAS NAÍONÁIN**  
**SHÓISEARACHA**

1. Is bunscoil lán-Ghaeilge mheascaithe í Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc. Cuirtear oideachas lánghaeilge ar fáil do dhaltaí na scoile in atmasféar taitneamhach, cairdiúil, dearfa.
2. Tá an scoil faoi phatrúnacht Easpag Chaitliceach na Deoise Chill Dara agus Leithghlinne. Tá etós na scoile bunaithe ar theagasc na hEaglaise Caitlicí.
3. Tá sé mar aidhm ag an scoil gach páiste a thabhairt chun foirfeachta i ngach gné dá shaol – sóisialta, fisiciúil agus oideachasúil san áireamh.
4. Tá clárú daltaí i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc bunaithe ar chomhionannas rochtana (equality of access). Ní dhiúltaítear páiste de bharr cine, riachtanais oideachas speisialta, máchaille, teangan, inscne, luachanna creidimh, cuinsí clainne, cúlra nó aicme sóisialta.
5. Cinntíonn Bord Bainistíochta na scoile uasmhéid líon na ndaltaí i ngach rangsheomra ag tabhairt san áireamh moltaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ag tógaint cúrsaí cóiríochta na scoile san áireamh chomh maith.
  - **Daltaí ag aistriú ó scoileanna eile.**  
*Is féidir páistí a chlárú i ranganna seachas Naíonáin Shóisearacha ar coinníoll go bhfuil áit ar fáil sa rang. Tabharfar áit ar an dtoirt do pháistí atá ag aistriú ó scoileanna T.1 ar coinníoll go bhfuil áit sa rang. Más mian le páiste ó scoil T.2 clárú, rachaidh sé/í faoi agallamh ag an bPríomhoide agus clárófar iad ar coinníoll go bhfuil caighdean na Gaeilge atá acu oiriúnach don leibhéal go bhfuil suim acu clárú ann.*
6. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí/caomhnóirí achomharc a dhéanamh muna bhfuil said sásta le cinneadh na scoile – cás a dhéanamh le Bord Bainistíochta na scoile nó achomharc a dhéanamh leis an Roinn Oideachais is Eolaíochta (Rannóg 29)
7. Cuirfear oíche eolais ar fáil do thuismitheoirí nua roimh dheireadh Mhí an Mheithimh.
8. Tabharfar gach cabhair agus tacaíocht gur féidir do pháistí le riachtanais oideachais speisialta.

9. Ní mór do dhaltaí uile na scoile comhoibriú agus tacú le polasaithe, rialacha agus córas smachta na scoile.
10. Tá an polaise iontrála seo curtha le chéile faoi mholtaí an Acht Oideachais, Rialacha do Bhunscoileana Náisiúnta agus ag teacht le hEtós na scoile.
11. Is féidir cur leis an bpolaise seo ó am go chéile nó é a athrú de réir mar is gá.